Rewarding Learning

Centre Number

71

Candidate Number

General Certificate of Secondary Education

2010

# Irish

## Paper 3
## Reading
## Higher Tier

**[G5507]**

**TUESDAY 25 MAY, AFTERNOON**

G5507

**TIME**

50 minutes.

**INSTRUCTIONS TO CANDIDATES**

Write your Centre Number and Candidate Number in the spaces provided at the top of this page.
Write your answers in the spaces provided in this question paper.
Answer **all five** questions.
Read and follow the instruction for each question carefully.

**INFORMATION FOR CANDIDATES**

The total mark for this paper is 40.
Figures in brackets printed down the right-hand side of pages indicate the marks awarded to each question or part question.
The use of a dictionary is **not** permitted.

| For Examiner's use only | |
|---|---|
| Question Number | Marks |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| Total Marks | |

5273.06 **R R**

StudentBounty.com
www.StudentBounty.com

BLANK PAGE



www.StudentBounty.com

1 Léigh an sliocht agus freagair na ceisteanna.

| | |
|---|---|
| Ó | Caitlín Ní Bhrádaigh caitlinnibhradaigh@hotmail.com |
| Chuig | Barra Ó Néill barraoneill@hotmail.com |

An Chéadaoin 26 Bealtaine 2010

A Bharra,

Fuair mé do ríomhphost Dé Luain ach bhí mé iontach gnóthach ag obair don scrúdú GCSE a bhí agam maidin inniu. Níl scrúdú eile agam go dtí an tseachtain seo chugainn.

Ba bhreá liom dul go dtí an cheolchoirm leat i nDoire. Chuala mé go bhfuil an grúpa iontach maith. Chonaic mo chara iad i mBaile Átha Cliath agus bhí siad ar fheabhas.

Tá m'aintín Bríd ina cónaí i lár na cathrach i nDoire agus beidh mé ábalta stopadh aici. Beidh mo mhamaí ag caint léi ar an ghuthán ag an deireadh seachtaine agus cuirfidh sí ceist uirthi.

Ádh mór ort sa scrúdú Dé hAoine,

Caitlín.

Cuir tic (✓) sna boscaí cearta. Tá sampla déanta duit.

**Sampla:**

Cad é an sloinne atá ar Chaitlín?

- Ní Néill ☐
- Ní Bhrádaigh ☑
- Ní Dhónaill ☐

**(a)** Cé a scríobh an ríomhphost?

- Barra ☐
- Caoimhín ☐
- Caitlín ☐

[1]

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |



www.StudentBounty.com

**(b)** Scríobh an duine an ríomhphost ar an . . .

26/04/2010 ☐

26/05/2010 ☐

26/06/2010 ☐ [1]

**(c)** Fuair Caitlín an ríomhphost . . .

3 lá ó shin ☐

1 lá ó shin ☐

2 lá ó shin ☐ [1]

**(d)** Tá Caitlín ag déanamh GCSE . . .

i mbliana ☐

an bhliain seo chugainn ☐

ag an Nollaig ☐ [1]

**(e)** Beidh an cheolchoirm . . .

i mBéal Feirste ☐

i nDoire ☐

i mBaile Átha Cliath ☐ [1]

**(f)** Rachaidh Caitlín chuig an cheolchoirm . . .

lena mamaí ☐

lena haintín ☐

lena cara Barra ☐ [1]

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |
| | |



www.StudentBounty.com

**(g)** Chuala Caitlín go raibh an grúpa . . .

go maith ☐

go holc ☐

go measartha ☐ [1]

**(h)** Cé a bheidh ag caint le Bríd ar an ghuthán?

Caitlín ☐

Barra ☐

Mamaí ☐ [1]

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |
| | |



www.StudentBounty.com

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |
| | |

**2** Léigh an sliocht agus freagair na ceisteanna.

> D'fhág muid an teach go luath ar maidin. Ní raibh am agam bricfeasta a ithe.
>
> Bhí muid ag an aerfort ar a seacht. Bhí na mílte eile ansin romhainn. Bhí orainn fanacht. Ní raibh daidí iontach sásta.
>
> Chuaigh mé isteach sa chaife. Bhí a lán daoine ann. D'fhan mé leathuair sa líne. Ansin d'ordaigh mé bricfeasta ach dúirt an freastalaí go raibh am bricfeasta thart. Fuair mé cupán tae agus briosca seacláide. Ní raibh tábla nó cathaoir ar bith saor. Mar sin shuigh mé ar an urlár.
>
> D'fhág mé an caife. Cá raibh Mamaí agus Daidí? D'amharc mé suas síos. Ní raibh mo thuismitheoirí le feiceáil áit ar bith!
>
> Seán Ó Briain, 15.

**(a)** Cuir tic (✓) sna boscaí cearta. Tá sampla déanta duit.

**Sampla:**

| | |
|---|---|
| D'éirigh an teaghlach go luath. | ✓ |
| D'éirigh an teaghlach go mall. | ☐ |
| D'éirigh an teaghlach in am. | ☐ |

**(i)** D'ith Seán bricfeasta sa bhaile. ☐

Níor ith Seán bricfeasta sa bhaile. ☐

D'ith Seán tósta sa bhaile. ☐ [1]

**(ii)** Chuaigh an teaghlach chuig an aerfort. ☐

Chuaigh an teaghlach chuig an aonach. ☐

Chuaigh an teaghlach chuig an Aifreann. ☐ [1]



www.StudentBounty.com

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**(iii)** Thaitin an t-aerfort le daidí. ☐

Níor thaitin an t-aerfort le daidí. ☐

Bhí daidí sásta san aerfort. ☐ [1]

**(iv)** Bhí scaifte an-mhór sa chaife. ☐

Bhí scaifte an-bheag sa chaife. ☐

Ní raibh scaifte ar bith sa chaife. ☐ [1]

**(v)** D'fhan Seán 45 bomaite sa líne. ☐

D'fhan Seán 30 bomaite sa líne. ☐

D'fhan Seán 60 bomaite sa líne. ☐ [1]

**(b)** Críochnaigh na habairtí seo thíos ag baint úsáide as na frásaí sa bhosca thíos. Tá sampla déanta duit.

**Sampla:** Chuaigh Seán go dtí an t-aerfort lena thuismitheoirí.

**(i)** Ní raibh tábla. ______________________ [1]

**(ii)** Ní bhfuair Seán bricfeasta sa chaife mar ______________. [1]

**(iii)** Ní raibh a thuismitheoirí le feiceáil. ______________ [1]

bhí an freastalaí míshásta
lena thuismitheoirí
in aon áit
bhí an áit iontach mór
bhí sé rómhall
bhí fearg ar a athair
ar fáil



www.StudentBounty.com

3 Léigh an sliocht agus freagair na ceisteanna.

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

Bhí go leor oibre ag Fearghal an tseachtain seo caite. Bhí sé ag cuidiú lena thuismitheoirí sa bhaile. Ní raibh a athair ábalta siúl mar bhí a chos briste.


Thosaigh Fearghal sa ghairdín Dé Luain. Bhain sé an féar agus scuab sé an cosán. Bhí sé go deas bheith amuigh faoin spéir, dar le Fearghal. Chuaigh sé isteach sa gharáiste i ndiaidh an lóin. Bhí boscaí agus bruscar gach áit agus bhí gach rud salach. Ní raibh sé críochnaithe sa gharáiste go dtí a naoi a chlog. Bhí sé te, salach, ocrach agus dúdóite.

Chaith sé an chuid eile den tseachtain ag obair sa teach. Phéinteáil sé na fuinneoga amuigh agus istigh, thuas staighre agus thíos. Chuir sé páipéar úr ar na ballaí ina sheomra leapa.


Bhí a mháthair iontach sásta. Labhair sí leis ag deireadh na seachtaine. “Maith thú a mhic. Seo bronntanas duit” agus thug sí airgead dó.

**(a)** Cuir na pictiúir in ord. Líon an tábla thíos. Tá sampla déanta duit.

**A**



**B**



**C**



**D**



**E**



**F**



| ORD | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|---|
| PICTIÚR | C | | | | |

[4]



www.StudentBounty.com

**(b)** Cuir tic (✓) sa bhosca cheart. Tá sampla déanta duit.

**F** = Fíor
**B** = Bréagach
**?** = Níl an t-eolas ar fáil

**Sampla:**

| | F | B | ? |
|---|---|---|---|
| Phéinteáil Fearghal an doras. | ☐ | ☐ | ✓ |

| | F | B | ? |
|---|---|---|---|
| **(i)** Thug a mháthair cuig phúnt dó. | ☐ | ☐ | ☐ |
| **(ii)** B'fhearr le Fearghal bheith ag obair amuigh. | ☐ | ☐ | ☐ |
| **(iii)** Thaitin an obair sa gharáiste le Fearghal. | ☐ | ☐ | ☐ |
| **(iv)** Tá Fearghal ina chónaí i mbungaló. | ☐ | ☐ | ☐ |

[4]

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |



www.StudentBounty.com

**4** Léigh an sliocht agus freagair na ceisteanna **i nGaeilge**.

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

Bhog Úna go dtí an teach úr i mí Iúil. Ní raibh rogha ag an teaghlach. Bhí ar Dhaidí bogadh ó Bhéal Feirste agus bheith ag obair in oifig nua sa sráidbhaile.

Tá Úna iontach sásta lena saol nua sa sráidbhaile. Tá an teach nua níos mó agus tá a seomra féin aici anois. Tá na comharsana deas agus d'éirigh sí cairdiúil le cailín dá haois féin atá ina cónaí ag bun na sráide.

Bhí Úna neirbhíseach faoin scoil nua. Bhí breis agus míle cailín ar an tseanscoil. Bhí an scoil úr beag agus bhí idir chailíní agus bhuachaillí ann.

D'fhág a máthair ag an gheata í an chéad mhaidin. Shiúil sí isteach i halla na scoile. Ní raibh aithne aici ar dhuine ar bith.

Tháinig buachaill ard fionn isteach agus shuigh sé taobh léi. "Fáilte romhat," ar seisean. "Is mise Maitiú."

**(a)** Cén uair a d'fhág teaghlach Úna Béal Feirste?

_______________________________________________ [1]

**(b)** Cad chuige ar tháinig an teaghlach go dtí an sráidbhaile?

_______________________________________________ [1]

**(c)** Scríobh rud **amháin** a thaitin léi faoin teach nua.

_______________________________________________ [1]

**(d)** Luaigh difear **amháin** idir an tseanscoil agus an scoil úr.

_______________________________________________ [1]



www.StudentBounty.com

**(e)** Cuir líne faoi cheithre abairt atá fíor. Tá sampla déanta duit.

| **Sampla:** |
|---|
| <u>Is maith le hÚna na comharsana.</u> |

**(i)** Fuair Daidí post mar thiománaí bus.

**(ii)** Tháinig mamaí Úna isteach sa scoil an chéad lá.

**(iii)** Chuir an múinteoir fáilte roimpi.

**(iv)** Bhí rud beag eagla ar Úna faoin scoil úr.

**(v)** Tá níos mó ná dhá mhíle scoláire sa scoil úr.

**(vi)** Bhí Úna ar scoil cailíní i mBéal Feirste.

**(vii)** Níl aithne ag Úna ar na comharsana.

**(viii)** Bhí Maitiú cairdiúil.

**(ix)** Tá cara ag Úna sa sráidbhaile.

[4]

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |



www.StudentBounty.com

5 Read the article below and then answer **in English** the questions which follow.

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

> Cé go raibh sé sa Fhrainc roimhe ní raibh Peadar riamh i bPáras. Bhí sé ag dúil go mór leis an chathair a fheiceáil mar chuala sé agus léigh sé cuid mhór faoin áit.
>
> Bhí sé dorcha agus é ag teacht isteach sa chathair ón aerfort. Ní fhaca sé mórán. Chomh luath is a mhúscail sé ar maidin d'amharc sé amach as fuinneog an óstáin. Cá raibh an Túr? Ní fhaca sé riamh scannán a bhí suite i bPáras nach raibh an Túr Eiffel le feiceáil ó gach áit ann.
>
> D'imigh sé leis ar lorg an Túir. Cé go raibh sé cúpla míle ar shiúl bhí sé ábalta barr an Túir a fheiceáil. Sheas sé ag bun an Túir agus d'amharc sé suas. Isteach san ardaitheoir leis agus a cheamara réidh le grianghraif den chathair a ghlacadh ón bharr.
>
> D'éirigh na carranna agus na daoine thíos faoi iontach beag. Ní raibh Peadar chomh hard seo riamh roimhe. Thosaigh a chosa ag éirí lag. Tháinig eagla air. Ba dheas bheith ar an talamh arís, dar leis.

**(a)** In what way did this trip to France differ from earlier ones?

______________________________________________ [1]

**(b)** What indication is there in the passage that Peadar had always been interested in Paris?

______________________________________________ [1]

**(c)** Why had he not seen a lot on the journey in from the airport?

______________________________________________ [1]

**(d)** Why was Peadar expecting to see the Eiffel Tower from his room?

______________________________________________ [1]

**(e)** How did he know which direction to walk to the Tower?

______________________________________________ [1]



www.StudentBounty.com

**(f)** What did Peadar want to do at the top of the Tower?

______________________________________________ [1]

**(g)** In what way was going up the Tower a new experience for Peadar?

______________________________________________ [1]

**(h)** What effect did the height have on him?

______________________________________________ [1]

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**THIS IS THE END OF THE QUESTION PAPER**



www.StudentBounty.com

www.StudentBounty.com

www.StudentBounty.com

www.StudentBounty.com